INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO INSTITUTE OF EDUCATION

Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

eber mie

# LÓISTÍN

<table>
<tr><td>Mic léinn na chéad bhliana</td><td></td></tr>
<tr><td>Rogha Réamháirithintí ar líne<br><br>Íoc táille chun seomra a chur in áirithe</td><td>Liosta Feithimh Tosaíochta<br><br>Déan iarratas tar éis tairiscint an CAO</td></tr>
<tr><td>Is féidir le hiarrthóirí ar mian leo seomra a chur in áirithe don bhliain acadúil 25/26 iarratas a dhéanamh tríd an rogha réamháirithintí.<br><br>• Dáilfear seomraí ar bhonn tús freastail ar na daoine is túisce a chláraíonn dóibh.<br>• Má dháiltear seomra ort, gheobhaidh tú ríomhphost chun táille riaracháin €350 a íoc chun áirithint a dhéanamh ar do sheomra. Is gá é sin a íoc laistigh de 48 uair an chloig. Tá an táille riaracháin mar chuid den éarlais urrúis €920 atá in-aisíoctha ar sheiceáil amach.<br>• Nuair a fhaighimid an íocaíocht seo, deimhneofar do sheomra.<br>• Laistigh de 48 uair an chloig tar éis glacadh leis an gcéad bhabhta de thairiscintí CAO, beidh ort do chíos an téarma agus iarmhéid na héarlaise de €570 a íoc.<br>• Mura n-íocann tú cíos an téarma, d’fhéadfadh sé go dtarraingeofaí siar an seomra atá curtha in áirithe duit.<br>• Is gá Ceadúnas Cónaithe a chur ar fáil chomh maith leis na cáipéisí chuí sula ndéantar seiceáil isteach.</td><td>Is féidir le hiarrthóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar sheomra tar éis thairiscintí an CAO, clárú le bheith ar an liosta feithimh tosaíochta.<br><br>• Comhlánaigh an fhoirm thíos agus íoc táille iarratais €50 chun clárú don liosta feithimh tosaíochta.<br>• 48 uair an chloig sula scaoilfear tairiscintí CAO, seolfaimid nasc chugat ar ríomhphost chun foirm áirithinte a chomhlíonadh más mian leat seomra a chur in áirithe.<br>• Tá na seomraí atá ar fáil ar bhonn tús freastail ar na daoine is túisce a chláraíonn dóibh.<br>• Má thairgtear seomra duit agus más mian leat glacadh leis, beidh ort an chéad chuid de do chíos & éarlais urrúis €920 a íoc, táille atá in-aisíoctha nuair a sheiceálfar amach.<br>• Mura ndéantar na híocaíochtaí seo laistigh de 48 uair an chloig, d’fhéadfadh sé go dtarraingeofaí siar tairiscint do seomra.<br>• Is gá Ceadúnas Cónaithe a chur ar fáil chomh maith leis na cáipéisí chuí sula ndéantar seiceáil isteach.<br><br>*Ós rud é go bhfuil seomraí teoranta ar fáil ar an gcampas, ní fhéadfar seomra a thairiscint do gach iarrthóir.</td></tr>
<tr><td colspan="2"><u>Polasaí Cealúcháin</u><br>• Tá táille iarratais €50 neamh-inaisíoctha.<br>• Tá táille riaracháin €350 neamh-inaisíoctha. D’fhéadfadh mic léinn nach bhfaigheann go leor pointí chun áit a thairiscint dóibh in IOM a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht de €300. *Ag brath ar fhianaise a chuirtear ar fáil taobh istigh de 48 uair an chloig de thairiscintí an chéad bhabhta CAO a bheith eisithe. Is gá do mhic léinn MIE a bheith mar chéad rogha acu ar an CAO.<br><br>Má dhéantar an lóistín a chur ar ceal, nó má dhéantar aon athrú maidir leis an áirithint, d’fhéadfaí an polasaí cealaithe a chur i bhfeidhm, agus d’fhéadfadh táillí nó muirir a bheith i gceist.<br><br>Níl ach bealach amháin inar féidir le Eber a aithint go bhfuil cealú ar áirithint an aoi; ní mór don aoi iarratas ar chealú a sheoladh i bhfoirm ríomhphost chuig mie@eber.life. Is gá ainm iomlán an aoi a lua ann. Deimhnítear gach cealú trí ríomhphost láithreach.<br><br>Má chuirtear seomra ar ceal sula seiceáiltear isteach, coimeádfar an táille riaracháin €350 agus aisíoctar an t-iarmhéid. Ar sheiceáil amach, aisíoctar an éarlais slándála lúide aon fhíneálacha nó airgEad atá dlite ar an gcuntas.</td></tr>
</table>